# An Leibhéal Réamhscolaíochta

# Forbhreathnú

| *Snáithe* | *Snáithaonaid* |
| --- | --- |
| An Creideamh Críostaí | • Rúndiamhair Dé<br>• Rúndiamhair Íosa Críost<br>• Cruthú an Domhain<br>• Rúndiamhair na hEaglaise<br>• An Bheatha Shíoraí |

| *Snáithe* | *Snáithaonaid* |
| --- | --- |
| Briathar Dé | • An Bíobla<br>• Scrioptúr Naofa |

| *Snáithe* | *Snáithaonaid* |
| --- | --- |
| Liotúirge agus Urnaí | • Urnaí<br>◊ Gothaí Urnaí<br>◊ Urnaí fhoirmeálta<br>◊ Freagraí an Aifrinn<br>◊ Urnaí ar ala na huaire<br>• An Bhliain Liotúirgeach<br>• An tAifreann |

| *Snáithe* | *Snáithaonaid* |
| --- | --- |
| Moráltacht Chríostaí | • Dínit an Duine<br>• OCG i gcomhthéacs Críostaí |

# Snáithe: An Creideamh Críostaí

## Aidhmeanna

Beidh ar chumas na bpáistí:

- iniúchadh a dhéanamh ar na bealaí a bhfuil tionchar ag na bunphrionsabail den chreideamh Críostaí ar a saol féin
- tuiscint a fháil ar céard atá i gceist le bheith mar chuid de phobal na hEaglaise
- focail, fíricí agus coincheapa reiligiúnacha a fhoghlaim maraon le heolas a fháil faoi phearsana reiligiúnacha
- foghlaim go bhfuil brí agus cuspóir leis an saol.

## Scileanna

Ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste:

**Tuiscint**

- Úsáid a bhaint as spraoi, scéalaíocht, na hamharc-ealaíona, dánta, rainn, damhsa, drámaíocht, ceol, teanga agus teicneolaíocht faisnéise agus cumarsáide chun fiosrú a dhéanamh faoi na siombail, íomhánna agus pearsain a bhaineann leis an gcreideamh Críostaí.

**Cumarsáid**

- An creideamh Críostaí a phlé trí úsáid a bhaint as focail reiligiúnacha.

- Láithreacht agus gníomhaíocht Dé sa Scrioptúr Naofa/Traidisiún a aithint ina saol féin agus sa chruthú ag baint úsáide as teanga agus na healaíona.

**Ag Forbairt Litearthacht Spioradálta**

- Úsáid a bhaint as focail, dánta, pictiúir, ceol, teanga chomharthaíochta, *braille*, siombail, rithim, uimhreas, gluaiseacht, geatsaí, drámaíocht, ealaín, spraoi agus an teicneolaíocht fáisnéise agus cumarsáide chun cur síos agus taifead a dhéanamh ar mhothúcháin, ceisteanna, eispéireas agus coincheapa spioradálta.

## Snáithaonaid

Beidh páistí san aoisghrúpa seo ag dul i ngleic leis an eolas agus na coincheapa seo:

**Rúndiamhair Dé**

- Ainmneacha pearsain na Tríonóide: Dia an tAthair, Dia an Mac agus Dia an Spiorad Naomh. Meas a bheith acu ar na hainmneacha seo sa ghnáth chaint laethúil agus iad á úsáid ina gcuid paidreacha. (ChEC 198-202, 222-27, 232-240, 253, 258-260, 261, 316, 320, 422-23, 731, 733, 737).
- Beannaíonn Críostaithe iad féin in ainm an Athar, agus an Mhic agus an Spioraid Naoimh.
- Is é Dia ár nAthair grámhar agus ár gCruthaitheoir (Gein 1:26-27).
- Chruthaigh Dia sinn le go mbeimis in ann ár saol a roinnt leis ar neamh, ár bhfíor bhaile. (ChEC 355-84, 1691-98).
- Tá Dia go maith (Salm 116:1).
- Tá aithne ag Dia orainn agus tá grá aige dúinn (Salm 139).
- Tá an grá céanna ag Dia dúinn agus atá ag máthair dá leanbh (ChEC 239; Is 66:13; Salm 131:2).
- Tugann Dia aire dúinn, go háirithe nuair a bhímid tinn, brónach, uaigneach, feargach nó díomách.
- Tá grá ag Dia do chuile theaghlach agus tugann sé aire dóibh.

**Rúndiamhair Íosa Críost**

- Is é Íosa Mac Dé (Mc 1:1; Mth 16:16-17; 27; 54; Eoin 20:31; ChEC 422, 441-46, 454).
- Is é Íosa mac Mhuire (Mth 1:18; Lúc 1:26-38).
- Is é Íosa ár gcara (Eoin 15:14).
- Tá grá ag Íosa dúinn.
- Rugadh Íosa ar Lá Nollag.
- Chónaigh Íosa i Nazarat in éineacht le Muire agus Iósaef (Lúc 2:39-40).
- Cuireann Íosa fáilte roimh pháistí agus tá grá aige dóibh (Mc 10: 13-16).
- Fuair Íosa bás ar an gcrois ar ár son, d'aiséirigh sé ó mhairbh agus chuaigh suas ar neamh. (Mc 15-37; 16:6; 16:19; ChEC 616-17, 620-21, 623, 638-40, 656, 665).

**Cruthú an Domhain**

- Chruthaigh Dia gach a bhfuil ann: an domhan, na daoine, na réalta, na hainmhithe, na héin, na plandaí agus na crainn (Gein 1; LG 2; ChEC 212, 290, 325).
- Tugann Dia aire don chruthú ar fad (Eag 8:1; ChEC 303).

**Rúndiamhair na hEaglaise**

- Tá Dia i ngach baile agus i ngach teaghlach.
- Is iad Íosa, Muire agus Iósaef Teaghlach Naofa Nazarat (ChEC 437, 532, 534, 564, 583, 1655).
- Is í Muire máthair Íosa agus ár máthair freisin (Lúc 1:26-38; Gal 4:26-8; Eoin 19:26-7; ChEC 723, 744, 963, 967-71, 973-75; LG 53).
- Cabhraíonn ár gclann linn le bheith inár gcairde ag Íosa.
- Tá an sagart in ann cabhrú linn le bheith inár gcairde ag Íosa (LG 10).
- Is í an Eaglais Chaitliceach clann Dé (ChEC 747, 759, 777-78, 959, 1655, 2233).
- Is áit speisialta í an séipéal ina dtagann clann Dé le chéile chun urnaí a dhéanamh.
- Is iad na naoimh cairde speisialta Dé atá mar chuid de chlann na hEaglaise ar neamh (ChEC 828, 956-57, 960-62, 1195, 2013, 2030, 2683, 2692). Naomh Pádraig.

**An Bheatha Shíoraí**

- Tá Dia ag iarraidh go mbeidh gach duine sona agus ina theannta ar neamh go deo na ndeor (ChEC 1023).

# Snáithe: Briathar Dé

## Aidhmeanna

Beidh ar chumas na bpáistí:

- éisteacht le roinnt téacsanna as an Scrioptúr Naofa agus fiosrú agus machnamh a dhéanamh orthu
- tuiscint a fháil ar na príomh-charachtair, eachtraí agus cúinsí sna soiscéil
- a thuiscint gurb é Íosa, Aon Mhac Dé, an duine is tábhachtaí sa Bhíobla.

## Scileanna

Ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste:

**Tuiscint**

- Éisteacht le téacsanna as an Scrioptúr Naofa agus a bheith in ann iad a aithris agus a chur i láthair trí mheán na drámaíochta.

- Daoine, áiteanna, eachtraí agus rudaí a ndéantar cur síos orthu sa Scrioptúr Naofa a aithint.

**Cumarsáid**

- Tuairimí, mothúcháin, agus ceisteanna faoi na Scrioptúir Naofa a léiriú trí mheán an teanga labhartha, spraoi sochdhrámatúil, tobchumadóireacht, gluaiseacht, scéalaíocht, ceol, deasghnáth, filíocht, dráma próisis, ealaín agus na meáin dhigiteacha.

## Snáithaonaid

Beidh páistí san aoisghrúpa seo ag dul i ngleic leis an eolas agus na coincheapa seo:

**An Bíobla**

- Is é an Bíobla leabhar naofa chlann na hEaglaise (ChEC 103-8, 131-33, 135, 136-39).
- Baineann teaghlach an pharóiste úsáid as an mBíobla sa séipéal.
- Is sa Bhíobla a léimid faoi Dhia agus an cruthú (ChEC 279,315-17, 319).

**An Scrioptúr Naofa**

- Gein 1-2:3. An scéal faoi chruthú an domhain i seacht lá.
- Gein 6-8. Naoi agus an áirc.
- Eacs 2:1-10. Breith Mhaois.
- 1 Sam 17: 1-50. Dáiví agus Góla.
- Dain 6: 16-23. Dainéil in Uaimh na Leon.
- Mth 2:1-3, 7-12. An Triúr Saoithe.
- Mc 10:13-16. Íosa agus na leanaí.
- Lúc 1:26-38. Teachtaireacht an Aingil.
- Lúc 2: 1-20. Breith Íosa. Cuairt na nAoirí ar an stábla.
- Eoin 2:1-12. An Bhainis i gCána.
- Eoin 10:2-5, 11-16. An tAoire Maith.

# Snáithe: Liotúige agus Urnaí

## Aidhmeanna

Beidh ar chumas na bpáistí:
- an coincheap de urnaí agus deasghnáth a fhorbairt
- roinnt de na comharthaí, siombail, séasúir, ócáidí ceiliúrtha, áiteanna beannaithe agus deasghnátha atá sa traidisiún Caitliceach a aithint
- ceangail a dhéanamh idir ócáidí ceiliúrtha agus séasúir agus féilte na hEaglaise
- eolas maith a chur ar phaidreacha (foirmeálta agus neamhfhoirmeálta), deasghnátha, amhráin agus comharthaí den spioradáltacht Chríostaí (Ais 22).

## Scileanna

Ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste:

**Cumarsáid agus Rannpháirtíocht:**
- Paidreacha simplí foirmeálta agus neamhfhoirmeálta a rá.
- Éisteacht le ceol agus amhráin mar chuid den urnaí.
- Úsáid a bhaint as gothaí urnaí agus iad ag guí.

## Snáithaonaid

Beidh páistí san aoisghrúpa seo ag dul i ngleic leis an eolas agus na coincheapa seo:

**Urnaí**

- Nuair a bhíonn daoine ag guí bíonn siad ag caint agus ag éisteacht le Dia, cuireann siad aithne níos fearr ar Dhia agus tugann siad grá dó. (GDC 139, ChEC 2653).
- Tá Dia ag iarraidh labhairt linn (GS 18; ChEC 2567).
- Cloiseann Dia ár n-urnaithe i gcónaí.
- Is é an séipéal teach Dé agus is ann a thagann a chlann le chéile (ChEC 1180; LG 6; 1 Tiom 3:15.
- Tagann clann Dé le chéile i séipéal an pharóiste chun ceiliúradh agus guí le chéile (ChEC 1069-71, 2179).
- Is áit naofa í an séipéal ina dtéann daoine chun guí agus labhairt le Dia (ChEC 1181).
- Paidreacha beannachta, buíochais agus moladh (ChEC 2626, 2629, 2637, 2639; CSRE 2b).

*Gothaí Urnaí*
Comhartha na Croise (ChEC 2157), feacadh glúine, urnaí le gluaiseacht.

*Urnaí Foirmiúil*
Comhartha na Croise, Altú roimh Bhia agus Altú tar éis Bia.

*Freagraí an Aifrinn*
Áiméan, Buíochas le Dia.

*Urnaí ar ala na huaire*
m.sh. Guí chun Dé a thugann grá agus aire dúinn, paidreacha do Mhuire, paidreacha ar mhaithe le tuismitheoirí agus teaghlaigh, paidreacha ar a son siúd atá tinn nó ag fáil bháis.

**An Bhliain Liotúirgeach (ChEC 1168-1173, 1194-1195; CSRE 2b)**

- Séasúr atá san Aidbhint chun ullmhú do bhreithlá Íosa a cheiliúradh um Nollaig.
- Tráth den bhliain atá sa Nollaig chun ceiliúradh a dhéanamh ar bhreithlá Íosa.
- Tráth den bhliain atá sa Nollaig ina nglacaimid buíochas le Dia as ucht Íosa a chur chugainn.
- Ar Chéadaoin an Luaithrigh cuirtear luaithreach i bhfoirm croise ar an gclár éadain.
- Faoi Cháisc cuimhnímid go bhfuil Íosa beo.
- Féilte Mhuire.
- I rith Mí na Bealtaine cuimhnímid ar Mhuire. Altóir Mhuire.
- Cé go dtugaimid adhradh, do Dhia an tAthair, an Mac agus an Spiorad Naomh, amháin, guímid freisin chuig Muire, Máthair Íosa agus ár Máthair, agus na Naoimh eile agus iarraimid orthu cabhrú linn (LG 53, ChEC 2679).

**An tAifreann**

- Is é an Domhnach an lá speisialta a dtagann Caitlicigh le chéile chun an tAifreann a cheiliúradh (ChEC 1167, 1343).
- Tagann pobal an pharóiste le chéile chun ceiliúradh le hÍosa agus lena chéile.

# Snáithe: Móráltacht Chríostaí

## Aidhmeanna

Beidh ar chumas na bpáistí:

- fiosrú a dhéanamh ar ghrá Dé ina saol féin, ina gcaidrimh le daoine eile agus sa chruthú
- féinmheas, meas ar dhaoine eile agus meas ar an dtimpeallacht nádúrtha a fhorbairt (ChEC 1004; Ais 16, 17, 26)
- éisteacht le scéalta a léiríonn suáilcí agus luachanna a bhaineann leis an moráltacht Chríostaí
- comhbhá, cothroime agus cairdeas maraon le dearcadh i leith éagsúlacht agus scileanna síochánaíochta a fhorbairt (GS 82; Ais 8, 23)
- tuiscint ar rialacha a fhorbairt agus ar an difríocht idir an rud atá ceart agus an rud atá mícheart a aithint
- foghlaim conas roghanna a dhéanamh agus freagracht a ghlacadh as a gcuid gníomhartha.

## Scileanna

Ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste:

**Tuiscint:**

- Meas a léiriú orthu féin agus ar dhaoine eile.
- Cúinsí morálta a aithint agus a thuiscint (tuiscint morálta).
- A bheith rannpháirteach i gcumadh rialacha agus i gcinnteoireacht (gníomhchleachtas morálta).
- Luachanna agus teagasc an mhorálta Chríostaí a aithint.
- An timpeallacht a fhiosrú agus meas a bheith acu uirthi.

## Snáithaonaid

Beidh páistí san aoisghrúpa seo ag dul i ngleic leis an eolas agus na coincheapa seo:

### Dínit an Duine

- Tá grá ag Dia dúinn ar fad (Ir 31:3; 1 Eoin 4:10-11).
- Thug Dia daoine dúinn chun aire a thabhairt dúinn agus chun a thaispeáint dúinn conas grá a léiriú.
- Is duine speisialta mé de bhrí gur chruthaigh Dia mé (Gein 1:26-27).
- Tá m'ainm ar eolas ag Dia (Ís 43:1-4; Ís 49:15).

### OSG i gComhthéacs Críostaí

- Is bronntanas ó Dhia í an bheatha (ChEC 2260).
- Chruthaigh Dia mé (ChEC 1004).
- Chruthaigh Dia mar bhuachaill/cailín mé.
- Bhí Íosa ina bhall de theaghlach: Is ball de theaghlach mise.
- Thug Dia mothúcháin dom.
- Táim in ann grá agus buíochas a léiriú, comhroinnt le daoine eile agus aire a thabhairt dom féin, do dhaoine eile agus don chruthú (ChEC 224).
- Táim in ann meas agus cineáltas a léiriú.
- Táim in ann "tá brón orm" a rá nuair a ghortaím daoine eile.
- Táim in ann cabhrú le daoine atá bocht agus ocrach.
- Cuir san áireamh: Scéalta faoi na naoimh, an mhaith in aghaidh an oilc, an difríocht idir gníomhartha cearta agus míchearta, scéalta a léiríonn luachanna an mhorálta Chríostaí ar nós comhroinnt, aire, grá, maithiúnas, cairdeas, tábhacht an teaghlaigh, aire don domhan.
- Scéalta a thacaíonn le feasacht i leith daoine eile agus a léiríonn meas ar éagsúlacht.
- Scéalta a chabhraíonn le páistí idirdhealú a dhéanamh idir an rud atá ceart agus an rud atá mícheart agus a thugann breithiúnas morálta ar chásanna faoi leith.